Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Márta 2024
(OR. en)

7293/24
ADD 2

LIMITE

POLCOM 83
SERVICES 17
FDI 24
COLAC 30

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0259(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11667/23 and 11668/23 + ADD 1-2 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile<br>– *Glacadh* |

**Ráiteas ón nGréig**

1. Aithníonn an Ghréig tábhacht pholaitiúil agus eacnamaíoch an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile.

2. Cuireann an Ghréig i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tásca geografacha a chosaint agus cuireann sí in iúl gur cúis imní di an cleachtas trádmharcanna a chlárú de mheon mímhacánta, rud a bhaineann an bonn de chur chun feidhme éifeachtach chosaint na dtásc geografach dá bhforáiltear sa Chomhaontú.

3. Measann an Ghréig go mbeidh an tSile, ag gníomhú di de mheon macánta, i gcomhréir leis an ngealltanas a tugadh sa litir ón Aire Gníomhach Gnóthaí Eachtracha an 28 Feabhra 2022, ar dá réir a dhéanfaí an cinneadh críochnaitheach maidir le hagóidí in aghaidh iarratas ar thrádmharc sula síneofaí an Comhaontú Comhlachais nuachóirithe idir an tAontas agus an tSile agus go gcuirfí torthaí an phróisis sin in iúl don Aontas.

4. Iarrann an Ghréig ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist i gcomhthéacs chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú éifeachtach an Chomhaontaithe.

PUBLIC